



Ciorclán SNA 12/05

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna/Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach Coiste Gairmoideachais.

Conradh Fostaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i Scoileanna Dara Leibhéal.

Tá treoir agam ón Aire Oideachais agus Eolaíochta a chur in iúl duit go bhfuil comhaontú déanta ar shocruithe athbhreithnithe maidir le téarmaí agus coinníollacha Chúntóirí Riachtanas Speisialta ag leibhéal iarbhunscoile, tar éis plé a bheith déanta ag leibhéal náisiúnta.

Maidir leis sin faigh leis seo le do thoil conradh fostaíochta athbhreithnithe ba chóir a thairiscint agus a bheith sínithe ag gach Cúntóir Riachtanas Speisialta a fhostaíonn do Choiste Gairmoideachais/do scoil agus a ndéanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar a p(h)ost. Tá éifeacht ag na socruithe athbhreithnithe saoire ó dháta an Chiorcláin seo. Is féidir tuilleadh cóipeanna den chonradh a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi Foireann Scoile/Cúntóirí Riachtanas Speisialta. Ba chóir don údarás bainistíochta an conradh bunaidh sínithe a choinneáil sa scoil, agus cóip a thabhairt don Chúntóir Riachtanas Speisialta.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann poist cheadaithe Chúntóirí Riachtanas Speisialta le riachtanais speisialta dalta amháin nó níos mó a bhfuil na poist faofa ina leith, agus go bhféadfaidh an scoil iad a úsáid ag féachtaint do riachtanas na ndaltaí sin agus dualgais an phoist. Déanfar athbhreithniú ar leithroinnt post chúntóirí riachtanas speisialta ar do scoilse ar bhonn bliantúil. D'fhéadfaí deireadh a chur le fostaíocht Chúntóirí Riachtanas Speisialta trí iomarcaíocht sa chás go laghdófar an leithroinnt. Bunófar na critéir roghnúcháin d'iomarcaíocht ar bhonn „duine deireanach isteach, an chéad duine amach” (LIFO) de réir an chomhaontaithe a rinneadh le hionadaithe an ghráid atá i gceist. Eiseofar tuilleadh eolais ar an ábhar seo go gairid.

P. Maloney,
Príomhoifigeach.
Iúil 2005.

[Conradh Fostaíochta](#)

CONRADH FOSTAÍOCHTA

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA (Iar-bhunoideachas)

1. Páirtithe

1.1. Tá an Conradh Fostaíochta seo á dhéanamh ar an _____ lá de _____ 200_____
idir na páirtithe seo a leanas:

1.1.1. Fostóir: Bord Bainistíochta _____ (as seo amach
“an Bord”).

Seoladh:

1.1.2. Fostaí: _____

2. Coinníollacha Seirbhíse

2.1. Is post lánaimseartha/páirtaimseartha atá ann agus, faoi réir na gclásál atá luaite thíos, tosóidh d'fhostaíocht ar an (dáta) _____ agus leanfar léi amach anseo mura gcuirfear nó go dtí go gcuirfear deireadh léi mar a fhoráiltear anseo ina dhiaidh seo.

2.2. Beidh tú ar promhadh go ceann sé mhí le héifeacht ón _____. Ag deireadh na tréimhse sin féadfar do cheapachán a dheimniú, do thréimhse promhaidh a shíniú ar feadh tréimhse breise nach mbeidh thar dhá mhí dhéag nó féadfar deireadh a chur le d'fhostaíocht de réir mar a chinnfidh an Bord Bainistíochta. Sa chás nach mbeidh d'fheidhmíocht sásúil le linn na tréimhse promhaidh nó na tréimhse promhaidh sínte, is féidir deireadh a chur le d'fhostaíocht ach fógra seachtaine a thabhairt.

2.3. Beidh an scála tuarastail don phost i gcomhréir leis an scála tuarastail atá infheidhmithe do na CRSna mar a chinnfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó am go ham. Bronnfar incrimintí tar éis gach bliana de sheirbhís shásúil i bpost ceadaithe mar Chúntóir Riachtanas Speisialta i scoil aitheanta.

2.4. Íocfar tuarastal gach coicís mar riaráistí

2.5. Beidh ort na gnáth uaire ranga a oibriú, lena n-áirítear tréimhsí briseadh ranga agus caithfidh tú freastal roimh an scoil agus ina diaidh chun cuidiú le seomraí ranga a ullmhú agus a chóiriú, agus chun bualadh le leanaí agus iad a scaoileadh abhaile etc. Is ón [] go dtí [] gach lá de ghnáth le linn téarmaí a bheidh na huaire oibre. Beidh gnáth-theidíochtaí do shosanna oibre i bhfeidhm de réir fhorálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997. Is é/í an Príomhoide a shocróidh cén t-am a mbeidh na sosanna sin ann.

- 2.6. Is é áitreabh na scoile a bheidh mar láthair oibre go hiondúil. Mar sin féin b'fhéidir go mbeadh ócáidí ann nuair a bheadh gá ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu freastal ar ionad eile lasmuigh den scoil, agus i gcásanna mar sin, b'fhéidir go gcaithfeá dul in éineacht leo chuig ionad mar sin agus ar ais.
- 2.7. Rúndacht. Beifear ag súil go gcoinneoidh tú agus go gcaithfidh tú le gach ábhar a bhaineann le gnó na scoile agus le do chuid oibre sa scoil mar CRS, faoi rún. Má sháraítear an riachtanas seo ar aon bhealach breathnófar air mar ábhar tromchúiseach mí-iompair.
- 2.8. Beidh an cineál oibre a chaithfidh tú a dhéanamh faoi threoir an Phríomhoide nó duine sinsearach eile a bheidh ag gníomhú thar ceann an fhostóra mar atá leagtha amach in Aguisín 1 atá faoi iamh leis seo.
- 2.9. Beidh na forálacha saoire breoiteachta a bhaineann leis an bpost mar atá siad leagtha amach in Aguisín a 2 atá faoi iamh anseo.
- 2.10. Tá na socruithe saoire máithreachas a bhaineann leis an bpost mar atá siad leagtha amach in Aguisín a 3 atá faoi iamh anseo.

Beidh ceangal ort cloí le téarmaí Ciorclán a eisíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó am go ham i ndáil le Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

- 2.11. Beidh socruithe pinsin de réir rialacha agus rialachán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i ndáil le pinsin do Chúntóirí Riachtanas Speisialta mar a chinnfear ó am go ham. Beidh téarmaí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 i bhfeidhm maidir le haois scoir.
- 2.12. Go hiondúil beidh na tréimhsí saoire mar a bheidh sna scoileanna chuig a mbeidh na Cúntóirí Riachtanas Speisialta sannta. Sa bhreis air sin caithfidh tú a bheith ar fáil cupla lá ag tús agus ag deireadh gach téarma scoile. Is féidir na laethanta sin (12 san iomlán) a chur le chéile de rogha bhainistíocht na scoile le húsáid go solúbtha i rith na bliana i gcomhair obair a bheadh oiriúnach don ghrád, lena n-áirítear oiliúint. Ní bheidh thar chúig lá as a chéile sna laethanta sin agus leanfaidh siad nó tiocfaidh siad díreach roimh téarmaí scoile nó laistigh de chúpla lá de sin.
- 2.13. Beidh sé de riachtanas ort chomh maith obair le linn mhí Meitheamh ar scrúduithe nó ar obair oiriúnach eile don ghrád lena n-áirítear oiliúint.

3. Nósanna Imeachta Gearáin agus Disciplín

3.1. Nós Imeachta Gearáin

Beidh tú i dteideal nósanna imeachta gearáin a agairt mar a bhíonn comhaontaithe i gcomhar ó am go ham.

Nós Imeachta Disciplín

Beidh sé de chumhacht ag d'fhostóir do cheapachán a chur ar fionraí, smachtbhannaí disciplín a chur i bhfeidhm nó do cheapachán a fhoirceannadh de réir na nósanna imeachta disciplín/dífhostaithe a chomhaontaítear i gcomhar ó am go ham

Is féidir tú a dhífhostú ó scoil _____ de bharr na rudaí seo a leanas:

- 3.1.1.1. Neamhinniúlacht nó feidhmíocht lag;
- 3.1.1.2. Mí-iompar (tromchúiseach nó dianseasmhach);
- 3.1.1.3. Éagumas;
- 3.1.1.4. Mainneachtain maidir le treoracha réasúnacha a leanúint;
- 3.1.1.5. Iontaobhas a shárú; agus
- 3.1.1.6. Aon údar substaintiúil eile.

4. Fógra Foirceannta

- 4.1. Gheobhaidh tú fógra den tréimhse chuí atá leagtha síos sna hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 -1991 ach amháin i gcúinsí a mbeidh údar maith ag an mBord do chuid fostaíochta a fhoirceannadh láithreach. Is féidir do chuid fostaíochta a fhoirceannadh trí iomarcaíocht. Sna cúinsí sin beidh feidhm le haon chomhaontas coiteann maidir le iomarcaíocht.
- 4.2. Is féidir do chuid fostaíochta a fhoirceannadh gan aon fhógra mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach.
- 4.3. Má bhíonn tú ag foirceannadh do chuid fostaíochta féin caithfidh tú fógra ceithre seachtaine a thabhairt.
- 4.4. Ní chuirfidh aon rud sa chomhaontú seo cosc ar cheachtar den dá páirtí fógra níos lú a thabhairt má bhíonn sin comhaontaithe ag an dá thaobh.
- 4.5. De réir mar a tholeann an Bord is féidir tuarastal a íoc in áit fógra a thabhairt.

5. Comhaontú

- 5.1. Glacaim agus comhaontaím leis na téarmaí agus na coinníollacha uile thuasluaite i leith mo chuid fostaíochta:

Síniú:

Cúntóir Riachtanas Speisialta

Dáta:

Síniú:

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta:

AGUISÍN 1 – DUALGAIS CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

Déantar earcú ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta go sonrath chun cuidiú le scoileanna seirbhísí neamh-theagaisc a chur ar fáil do dhaltáí a mbíonn riachtanais oideachais measta acu. Bíonn a gcuid dualgas sannta ag an bPríomhoide a bhíonn ag gníomhú thar ceann an Bhoird Bainistíochta. Déanann an Príomhoide nó múinteoir eile maoirseacht ar a gcuid oibre de réir mar a chinneann an Príomhoide. Áirítear ar na dualgais sin tascanna de chineál neamh-theagaisc ar nós:

1. Seomraí ranga a ullmhú agus a chóiriú.
2. Cuidiú le páistí scoile dul isteach agus amach ar bhusanna scoile. B'fhéidir go mbeadh gá taisteal mar thionlacan ar bhusanna scoile le linn uaire scoile.
3. Cuidiú speisialta le leanáí a bhfuil deacrachtaí faoi leith acu e.g. cabhrú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu maidir le clóscríobh nó ríomhairí nó fearais eile a úsáid.
4. Cuidiú maidir le héadach, beathú, leithreas a úsáid agus sláinteachas ginearálta agus riachtanais sláinte agus sábháilteachta an dalta a bheith ar d'aird.
5. Cuidiú le linn cuairteanna lasmuigh den scoil, siúlóidí, scrúduithe agus imeachtaí eile mar sin.
6. Ag cuidiú leis na múinteoirí maoirseacht a dhéanamh ar dhaltáí le linn tionóla, caitheamh aimsire agus fágála an tseomra ranga ar chúis amháin nó ar chúis eile.
7. Ag tionlacan daoine ar leithligh nó grúpaí beaga a chaitear a thabhairt amach as an seomra ranga ar feadh tamaill ar chúis amháin nó ar chúis eile.
8. Cuidiú ginearálta do na múinteoirí ranga, faoi threoir an Phríomhoide, le dualgais de chineál neamh-theagaisc. (Ní féidir le Chúntóirí Riachtanais Speisialta gníomhú ag aon am mar ionadaithe nó mar mhúinteoirí sealadacha. Ní féidir iad a fhágáil i bhfeighil ranga ná grúpa páistí in aon chúinsí).
9. Rannpháirtíocht le pleanáil fhorbairt scoile, nuair is cuí, agus comhoibriú le haon athruithe ar pholasaithe agus cleachtaí ag teacht ón bpróiseas forbartha scoile.
10. Idirghníomhú le tuismitheoirí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i struchtúir fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla mar a theastaíonn ó bhainistíocht na scoile agus mar a threoraíonn siad.
11. Dualgais eile a bhíonn oiriúnach don ghrád mar a éilíonn riachtanais na ndaltaí agus na scoile ó am go ham. Is féidir Chúntóirí Riachtanas Speisialta a chur i mbun oibre eile a bhíonn oiriúnach don ghrád nuair a bhíonn daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu as láthair nó nuair a thagann éilimh phráinneacha oibre faoi leith chun cinn.

AGUISÍN 2 - FORÁLACHA SAOIRE BREOITEACHTA DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

1. Ní thugtar aon phá breoiteachta le linn na céad trí mhí de sheirbhís. Is féidir pá iomlán a íoc ina dhiaidh sin ar neamhláithreacht breoiteachta suas go dtí na teorainneacha a leanas:
 - a) Tar éis trí mhí de sheirbhís leanúnach, pá breoiteachta ag an ráta iomlán ar feadh suas le sé seachtaine in aon tréimhse seirbhíse dhá mhí dhéag ;
 - b) tar éis sé mhí de sheirbhís leanúnach, pá breoiteachta ag an ráta iomlán ar feadh suas le naoi seachtaine in aon tréimhse seirbhíse dhá mhí dhéag;
 - c) tar éis dhá mhí dhéag de sheirbhís leanúnach, pá breoiteachta ag an ráta iomlán ar feadh suas le trí seachtaine dhéag in aon tréimhse seirbhíse dhá mhí dhéag.
2. Caithfear teastais dochtúra a thabhairt don Bhord Bainistíochta i ngach cás a mbeidh neamhláithreacht leanúnach ann faoin tríú lá den neamhláithreacht ar a dhéanaí. Mar riail ghinearálta, ní thugtar saoire bhreoiteachta ach amháin ar feadh seachtaine ar a mhéid ar theastas amháin. Má leanann neamhláithreacht breoiteachta ó Aoine go Luan ináirithe, caithfear teastas dochtúra a chur ar fáil.
3. Meabhraítear do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá ar promhadh nuair a bhítear á meas maidir lena gceapacháin a dheimhniú go dtógtar cuntas iomlán ar a sláinte agus ar mhéid agus ar phatrún a neamhláithreachta breoiteachta. Má bhíonn aon cheann de na gnéithe sin nach bhfuil sásúil, ní féidir glacadh leis go bhfuil an Cúntoir Riachtanas Speisialta atá i gceist oiriúnach.
4. Beidh ceadú saoire breoiteachta faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas ach go háirithe:
 - a) Go bhfuil neamhláithreacht deimhnithe i gceart;
 - b) Nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan ó thaobh seirbhíse de.
5. Nuair a stopann pá breoiteachta de bharr go bhfuil an t-uasteorainn sroichte aige ní féidir é a thosú arís le linn na neamhláithreachta céanna.
6. Ní áirítear saoire bhreoiteachta gan íoc mar sheirbhís a cháilíonn i gcomhair tuilleadh saoire breoiteachta íoctha.
7. **Saoire Bhreoiteachta Neamhdheimhnithe:** Is féidir saoire bhreoiteachta do neamhláithreacht lae nó dhá lá, nach rachaidh thar seacht lá ar fad in aon tréimhse dhá mhí dhéag, a cheadú gan teastas dochtúra. Mar sin féin, má théann an líon laethanta neamhláithreachta gan teastas dochtúra thar seacht lá san iomlán, ag comhaireamh siar ó dháta na neamhláithreachta deiridh, caithfear aon neamhláithreacht ina dhiaidh sin a dheimhniú nó go mbeidh cothromaíocht ann arís.

Íocfar **tuarastal iomlán** le linn saoire bhreoiteachta **fad a fheidhmeofar an nós imeachta seo a leanas:**

Má bhíonn Cúntóir Riachtanas Speisialta as láthair ar shaoire bhreoiteachta ar feadh níos mó ná trí lá as a chéile, caithfidh sé/sí foirm i gcomhair Sochar Míchumais (atá ar fáil óna d(h)ochtúir teaghlaigh (GP)) a chomhlánú. Ba chóir í seo a chur ar aghaidh chuig Rannóg Párolla SNA, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, agus cuirfidh siadsan ar aghaidh í chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA). **Caithfidh an Rannóg Párolla SNA an t-éileamh a chur ar aghaidh le go sroichfidh sé an DSFA laistigh de sheacht lá ó thús na breoiteachta,**

mar sin tá sé práinneach go gcuirfí an fhoirm éilimh isteach lena chinntiú go leanfaí ag íoc an tuarastail iomláin.

AGUISÍN 3

[Ciorclán SNA 13/05 – Saoire Mháithreachais/Uchtaíoch agus Atharthachta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta](#)